Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**15223/17**

**COMPET 840**
**IND 351**
**MI 903**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14450/17 COMPET 778 IND 318 MI 846 |
| Ábhar: | Straitéis thionsclaíoch an Aontais Eorpaigh don todhchaí<br>- Conclúidí ón gComhairle maidir le "Straitéis athnuaite de chuid an Aontais dá Bheartas Tionsclaíoch" (a glacadh ar an 30/11/2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le "Straitéis Athnuaite de chuid an Aontais dá Bheartas Tionsclaíoch", mar a ghlac an Chomhairle ag an 3580ú cruinniú a bhí aici ar an 30 Samhain 2017 iad.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**"STRAITÉIS ATHNUAITE DE CHUID AN AONTAIS DÁ BHEARTAS TIONSCLAÍOCH"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

- na conclúidí ó Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2017, inar leagadh béim ar an ról riachtanach a bhíonn ag earnáil na tionsclaíochta i dtaca le fás, fostaíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn san Eoraip, agus inar iarradh go ndéanfaí gníomhaíocht nithiúil chun a áirithiú go mbeadh bonn láidir iomaíoch tionsclaíoch faoin Margadh Aonair, agus inar béimníodh go saothródh an tAontas beartas láidir trádála, beartas a choinneoidh ar bun córas oscailte iltaobhach rialacha-bhunaithe trádála a mbeadh ról lárnach ag WTO ann, agus inar dúradh go bhfuil an Chomhairle cinnte de nach féidir le trádáil ná le hinfheistíocht a bheith oscailte mura mbíonn siad cóir agus comhthairbheach freisin[1];
- na conclúidí ón gComhairle Eorpach, i mí Deireadh Fómhair 2017, ina luaitear nach fios na deiseanna a thugann an digitiú dúinn i dtaca le nuálaíocht, fás agus fostaíocht, agus go gcuirfidh sé le hiomaíochas domhanda an Aontais, agus inar béimníodh nach mór don Aontas tacú le cineálacha nua fiontraíochta agus spreagadh agus cúnamh a thabhairt i dtaca le claochlú digiteach a dhéanamh ar thionscail agus ar sheirbhísí, agus inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún – i bhfianaise an mhéid sin thuas – pé tionscnaimh ba ghá a mholadh d'fhonn na creatdhálaí a neartú ionas go bhféadfadh an tAontas féachaint ar mhargaí nua trí bhíthin nuálaíochtaí radacacha riosca-bhunaithe agus go bhféadfadh sé ról ceannródaíochta a chuid tionscail a athdhearbhú[2];
- na conclúidí ón gComhairle Bealtaine 2017 maidir le straitéis[3] beartais tionsclaíochta de chuid an Aontais don todhchaí, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún straitéis beartais iomlánaíoch de chuid an Aontais i leith na tionsclaíochta feasta a chur ar fáil in am don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Eorpach in earrach na bliana 2018, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ann dá ndéanfaí príomhshruthú ar an mbeartas tionsclaíochta sna tionscnaimh straitéiseacha atá curtha ar siúl ag an Aontas ó thús na bliana 2015 i leith,

---

**1** EUCO 8/17, míreanna 15-17.
**2** EUCO 14/17, míreanna 10-11.
**3** 9760/17.

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún "Infheistíocht a dhéanamh i dtreo tionscal cliste, nuálach, inbhuanaithe – Straitéis athnuaite de chuid an Aontais dá bheartas tionsclaíoch"[4] a tíolacadh ar an 13 Meán Fómhair 2017 mar aon le liosta de na príomhghníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh ar mhaithe le tionscal cliste, nuálach, agus inbhuanaithe a bhaint amach[5];

2. DAR LÉI gur comhartha tábhachtach í an teachtaireacht sin agus céim úimléideach thosaigh ionsar straitéis tionsclaíochta a fhorbairt don Aontas ina ndíreofar ar lá is faide anonn, ina mbeidh liosta cuimsitheach de na tionscnaimh ar fad atá curtha i gcrích ag an gCoimisiún nó atá á n-ullmhú faoi láthair aige;

3. AITHNÍONN SÍ gur cheart go mbeadh dea-thionchar i dtaca le doimhniú an Mhargaidh Aonair agus i dtaca le hiomaíochas na hearnála tionsclaíochta san Eoraip a fheabhsú ag cuid mhór de na tionscnaimh sin ach na gníomhaithe lena mbaineann iad a dhearadh agus a chur chun feidhme go pras agus i gceart;

4. IS DÍOL BÉIME AICI a thábhachtaí atá sé go mbeadh slabhraí luacha dea-fheidhmiúla ann, ní hé amháin ar an leibhéal Eorpach ach ar an leibhéal domhanda freisin; AITHNÍONN SÍ an gá atá le gníomhaíocht nithiúil, ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta, agus ar leibhéal an Aontais, ionas go mbeidh earnáil na tionsclaíochta san Eoraip, agus go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, in ann na dúshláin reatha agus dúshláin is faide anonn a ghleic, an leas agus tairbhe is mó a bhaint as an digitiú, as an infheistíocht i gcúrsaí taighde agus forbartha, as an nglacadh a dhéantar ar an nuálaíocht, agus as an gclaochlú i dtreo teicneolaíochtaí slána inbhuanaithe, agus go mbeifear in ann a áirithiú go mbeidh ag an tionscal na scileanna cuí; DAR LÉI gur cheart, nuair is gá sin, tionscnaimh earnála a sheoladh sna hearnálacha sin a bhfuil an t-athrú eacnamaíoch ag bagairt orthu agus iontu siúd dar tualaing fás nach beag; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cé mar is féidir leis na cláir agus na hionstraimí atá sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile tacú le cur chun feidhme na ngnéithe thuasluaite sin; CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá timpeallacht shoiléir intuartha rialála agus í a bheith ina cuidiú ag an infheistíocht agus ag an nuálaíocht;

[4] 12202/17.
[5] 12202/17 ADD 1.

5. Ós amhlaidh atá, ATHDHEARBHAÍONN SÍ iarraidh na Comhairle ar an gCoimisiún cur leis an teachtaireacht i leith na nithe seo a leanas:

   a) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéis tionsclaíochta chuimsitheach don Aontas ina ndíreofar ar an tréimhse ó 2030 amach, lena n-áirítear cuspóirí straitéiseacha agus táscairí fadtréimhseacha don tionscal maille le plean gníomhaíochta ina bhfuil bearta nithiúla,

   b) measúnú ar an tionchar a bheadh ann dá ndéanfaí príomhshruthú ar an mbeartas tionsclaíochta sna tionscnaimh straitéiseacha atá curtha ar siúl ag an Aontas ó thús na bliana 2015 i leith, agus bunaithe ar an measúnú sin, moladh a dhéanamh maidir le cé mar a d'fhéadfaí príomhshruthú an iomaíochais thionsclaíoch a dhéanamh níos éifeachtaí;

6. I bhfianaise a thábhachtaí a bhíonn beartas tionsclaíochta agus an bhaint a bhíonn aige le réimsí go leor, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh próiseas oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach ann agus beartas tionsclaíochta an Aontais don am atá le teacht á fhorbairt; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige il-leibhéil rialtais i leith an rialachais agus é bunaithe ar chomhpháirtíocht agus ar idirphlé leis na Ballstáit, leis na réigiúin agus le páirtithe leasmhara, agus sin a dhéanamh i bhfianaise an Chruinnithe Comhchéime Ardleibhéil atáthar a bheartú i dtaca le cúrsaí tionsclaíochta;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról straitéiseach atá ag an gComhairle Iomaíochais maidir leis an iomaíochas tionsclaíoch a phríomhshruthú, le treoir pholaitiúil agus dlús a thabhairt don phróiseas seo, agus LEAGANN SÍ BÉIM dá réir sin ar thiomantas na mBallstát a bheith rannpháirteach go gníomhach agus straitéis shubstaintiúil fhadtéarmach á forbairt, agus a dtiomantas straitéis an Aontais a thabhairt faoi réir iarrachtaí athchóirithe na mBallstát féin;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar shásra nithiúil lenar féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise, agus sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascálacha a thíolacadh don Chomhairle Iomaíochais go tráthrialta ó 2018 amach maidir leis an dul chun cinn i bhfianaise chruinnithe an earraigh a bheidh ag an gComhairle Eorpach, agus an straitéis a oiriúnú, más gá, chun freagairt a thabhairt ar na hathruithe dála atá ar aghaidh an tionscail amach.